# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 122

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

4 Aibreán 2023


Clár


IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 122/01 Ráta úis arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar a phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin: — 3,50 % an 1 Aibreán 2023 — Rátaí malairte an euro ..... 1

2023/C 122/02 Aghaidh náisiúnta nua na mbonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht ..... 2

2023/C 122/03 Aghaidh náisiúnta nua na mbonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht ..... 3

2023/C 122/04 Aghaidh náisiúnta nua na mbonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht ..... 4

2023/C 122/05 Aghaidh náisiúnta nua na mbonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht ..... 5

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 122/06 Fógra d'oibreoirí eacnamaíocha — Babhta nua d'iarrataí ar na dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha ar tháirgí áirithe tionsclaíocha agus talmhaíochta a chur ar fionraí ..... 6


GA

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Ráta úis arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar a phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin** [1]**:**

**3,50 % an 1 Aibreán 2023**

**Rátaí malairte an euro** [2]

**3 Aibreán 2023**

(2023/C 122/01)

**1 euro =**

| | Airgeadra | Ráta malairte | | Airgeadra | Ráta malairte |
|---|---|---|---|---|---|
| USD | dollar na Stát Aontaithe | 1,0870 | CAD | dollar Cheanada | 1,4628 |
| JPY | yen na Seapáine | 144,51 | HKD | dollar Hong Cong | 8,5328 |
| DKK | krone na Danmhairge | 7,4504 | NZD | dollar na Nua-Shéalainne | 1,7283 |
| GBP | punt steirling | 0,87790 | SGD | dollar Shingeapór | 1,4464 |
| SEK | krona na Sualainne | 11,2835 | KRW | won na Cóiré Theas | 1 429,43 |
| CHF | franc na hEilvéise | 0,9949 | ZAR | rand na hAfraice Theas | 19,4208 |
| ISK | króna na hÍoslainne | 149,70 | CNY | renminbi-yuan na Síne | 7,4832 |
| NOK | krone na hIorua | 11,2515 | IDR | rupiah na hIndinéise | 16 269,13 |
| BGN | lev na Bulgáire | 1,9558 | MYR | ringgit na Malaeisia | 4,8035 |
| CZK | koruna Phoblacht na Seice | 23,440 | PHP | peso na nOileán Filipíneach | 59,383 |
| HUF | forint na hUngáire | 378,84 | RUB | rúbal na Rúise | |
| PLN | zloty na Polainne | 4,6765 | THB | baht na Téalainne | 37,306 |
| RON | leu na Rómáine | 4,9367 | BRL | real na Brasaíle | 5,4786 |
| TRY | lira na Tuirce | 20,8726 | MXN | peso Mheicsiceo | 19,5519 |
| AUD | dollar na hAstráile | 1,6080 | INR | rúipí na hIndia | 89,4710 |

[1] Ráta arna chur i bhfeidhm ar an oibríocht is déanaí a rinneadh roimh an lá léirithe. I gcás tairiscint a mbaineann ráta athraitheach léi, is ionann an ráta úis agus an ráta imeallach.

[2] *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

**Aghaidh náisiúnta nua na mbonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht**

(2023/C 122/02)




*Aghaidh náisiúnta an bhoinn comórtha nua 2 euro atá ceaptha lena chur i gcúrsaíocht agus arna eisiúint ag an Liotuáin*

Tá stádas dlíthairisceana ar fud an limistéir euro ag boinn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht. Foilsíonn an Coimisiún tuairisc ar dhearadh na mbonn nua uile chun an pobal agus na páirtithe uile a úsáideann na boinn a chur ar an eolas ([1]). I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 10 Feabhra 2009 ([2]), ceadaítear do na Ballstáit sa limistéar euro agus do thíortha a bhfuil comhaontú airgeadaíochta tugtha i gcrích acu leis an Aontas Eorpach lena ndéantar foráil maidir le boinn euro a eisiúint, ceadaítear dóibh boinn euro chomórtha a eisiúint, boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, go háirithe nach n-úsáidtear ach an ainmníocht 2 euro. Is ionann na saintréithe teicniúla a bhíonn ag na boinn sin agus na saintréithe a bhíonn ag boinn 2 euro eile, ach tá dearadh comórtha ar a n-aghaidh náisiúnta, dearadh lena mbaineann siombalachas nach beag ó thaobh an náisiúin nó ó thaobh na hEorpa de.

**Tír is eisitheoir**: An Liotuáin

**Ábhar an chomórtha:** I gcomhar leis an Úcráin

**Tuairisc ar an dearadh:** Is dearadh é seo a bhfuil lus gréine stílithe á léiriú ina lár, ar a bhfuil peitil mar a bheadh scáthchruthanna de dhaoine i ngreim láimhe ina chéile, barróg á breith acu ar a chéile agus iad ag cosaint a chéile, íomhá a shamhlófá le haontas, le tacaíocht agus le neart an chur le chéile. Is léiriú ealaíonta é dearadh an lusa gréine ar an nGrian ag éirí, léaró dóchais as tús úrnua, éin, saoirse, dóchas agus crógacht, ar dhaoine a bhfuil an ceann is fearr á fháil acu ar a gcúinsí, nach ngéillfidh d'aon bhrú orthu, ar thagairt dóibh siúd a thug a mbeatha, a bhfuil a n-anamacha ar shlí na fírinne. Thart timpeall ar an dearadh, tá na hinscríbhinní “LIETUVA” (AN LIOTUÁIN), “KARTU SU UKRAINA” (I gCOMHAR LEIS AN ÚCRÁIN), an bhliain eisiúna “2023” agus marc mionta Mhionta na Liotuáine. Eglė Žemaitė an té a dhear an bonn.

Taispeántar na 12 réalta de bhratach an Aontais ar fháinne amuigh an bhoinn.

**An líon measta bonn atá le heisiúint**: 500 000

**Dáta eisiúna:** An chéad ráithe de 2023

---

([1]) Féach IO C 373, 28.12.2001, lch. 1 i gcomhair aghaidh náisiúnta na mbonn uile a eisíodh in 2002.

([2]) Féach conclúidí na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 10 Feabhra 2009 agus an Moladh ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 maidir le treoirlínte comhchoiteanna i dtaca le haghaidh náisiúnta agus eisiúint bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht (IO L 9, 14.1.2009, lch. 52).

**Aghaidh náisiúnta nua na mbonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht**

(2023/C 122/03)



*Aghaidh náisiúnta an bhoinn comórtha nua 2 euro atá ceaptha lena chur i gcúrsaíocht agus arna eisiúint ag an Iodáil*

Tá stádas dlíthairisceana ar fud an limistéir euro ag boinn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht. Foilsíonn an Coimisiún tuairisc ar dhearadh na mbonn nua uile chun an pobal agus na páirtithe uile a úsáideann na boinn a chur ar an eolas ([1]). I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 10 Feabhra 2009 ([2]), ceadaítear do na Ballstáit sa limistéar euro agus do thíortha a bhfuil comhaontú airgeadaíochta tugtha i gcrích acu leis an Aontas Eorpach lena ndéantar foráil maidir le boinn euro a eisiúint, ceadaítear dóibh boinn euro chomórtha a eisiúint, boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, go háirithe nach n-úsáidtear ach an ainmníocht 2 euro. Is ionann na saintréithe teicniúla a bhíonn ag na boinn sin agus na saintréithe a bhíonn ag boinn 2 euro eile, ach tá dearadh comórtha ar a n-aghaidh náisiúnta, dearadh lena mbaineann siombalachas nach beag ó thaobh an náisiúin nó ó thaobh na hEorpa de.

**Tír is eisitheoir**: An Iodáil

**Ábhar an chomórtha**: Comóradh 100 bliain an Aerfhórsa

**Tuairisc ar an dearadh**: Is dearadh é seo ina léirítear macasamhlú an lógó a bhaineann le Comóradh Céad Bliain an Aerfhórsa. An cheannlitir "R" ar thaobh na láimhe clé, tugann sé Mionta na Róimhe le fios; na ceannlitreacha "RI" ag an mbarr, sin an t-acrainm le haghaidh Phoblacht na hIodáile; an inscríbhinn "AERONAUTICA MILITARE", agus cruth áirse uirthi, a léirítear ag an mbun; ar thaobh na láimhe deise, feicimid "VdS", inisealacha an dearthóra Valerio De Seta.

Taispeántar na 12 réalta de bhratach an Aontais ar fháinne amuigh an bhoinn.

**An líon measta bonn atá le heisiúint**: 3 000 000

**Dáta eisiúna**: Mí Eanáir 2023

---

([1]) Féach IO C 373, 28.12.2001, lgh. 1 i gcomhair aghaidh náisiúnta na mbonn uile a eisíodh in 2002.

([2]) Féach conclúidí na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 10 Feabhra 2009 agus an Moladh ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 maidir le treoirlínte comhchoiteanna i dtaca le haghaidh náisiúnta agus eisiúint bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht (IO L 9, 14.1.2009, lgh. 52).

## Aghaidh náisiúnta nua na mbonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht

(2023/C 122/04)



*Aghaidh náisiúnta an bhoinn comórtha nua 2 euro atá ceaptha lena chur i gcúrsaíocht agus arna eisiúint ag an Iodáil*

Tá stádas dlíthairisceana ar fud an limistéir euro ag boinn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht. Foilsíonn an Coimisiún tuairisc ar dhearadh na mbonn nua uile chun an pobal agus na páirtithe uile a úsáideann na boinn a chur ar an eolas ([1]). I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 10 Feabhra 2009 ([2]), ceadaítear do na Ballstáit sa limistéar euro agus do thíortha a bhfuil comhaontú airgeadaíochta tugtha i gcrích acu leis an Aontas Eorpach lena ndéantar foráil maidir le boinn euro a eisiúint, ceadaítear dóibh boinn euro chomórtha a eisiúint, boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, go háirithe nach n-úsáidtear ach an ainmníocht 2 euro. Is ionann na saintréithe teicniúla a bhíonn ag na boinn sin agus na saintréithe a bhíonn ag boinn 2 euro eile, ach tá dearadh comórtha ar a n-aghaidh náisiúnta, dearadh lena mbaineann siombalachas nach beag ó thaobh an náisiúin nó ó thaobh na hEorpa de.

**Tír is eisitheoir**: An Iodáil

**Ábhar an chomórtha**: Comóradh 150 bliain ó cailleadh Alessandro Manzoni

**Tuairisc ar an dearadh**: Léirítear sa dearadh portráid leathfhada de Alessandro Manzoni, portráid atá bunaithe ar íomhá an scríbhneora Iodálaigh mar a léirítear é ar an nóta bainc 100 000 lire a eisíodh in 1967. Feicimid ar thaobh na láimhe clé na ceannlitreacha "RI", ar acrainm é le haghaidh Phoblacht na hIodáile, na blianta "1873-2023", mar atá, an bhliain a fuair an scríbhneoir bás agus bliain eisiúna an bhoinn, faoi seach, chomh maith leis an inscríbhinn áirsechruthach "ALESSANDRO MANZONI". An cheannlitir "R" ar thaobh na láimhe deise, tugann sé Mionta na Róimhe le fios, agus feicimid "AV" freisin, inisealacha an dearthóra Antonio Vecchio.

Taispeántar 12 réalta bhratach an Aontais ar fháinne amuigh an bhoinn.

**An líon measta bonn atá le heisiúint**: 3 000 000

**Dáta eisiúna**: Mí Eanáir 2023

([1]) Féach IO C 373, 28.12.2001, lgh. 1 i gcomhair aghaidh náisiúnta na mbonn uile a eisíodh in 2002.

([2]) Féach conclúidí na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 10 Feabhra 2009 agus an Moladh ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 maidir le treoirlínte comhchoiteanna i dtaca le haghaidh náisiúnta agus eisiúint bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht (IO L 9, 14.1.2009, lgh. 52).

**Aghaidh náisiúnta nua na mbonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht**

(2023/C 122/05)



*Aghaidh náisiúnta an bhoinn nua chomórtha 2 euro atá ceaptha lena chur i gcúrsaíocht agus arna eisiúint ag Lucsamburg*

Tá stádas dlíthairisceana ar fud an limistéir euro ag boinn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht. Foilsíonn an Coimisiún tuairisc ar dhearadh na mbonn nua uile chun an pobal agus na páirtithe uile a úsáideann na boinn a chur ar an eolas ([1]). I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 10 Feabhra 2009 ([2]), ceadaítear do na Ballstáit sa limistéir euro agus do thíortha a bhfuil comhaontú airgeadaíochta tugtha i gcrích acu leis an Aontas Eorpach lena ndéantar foráil maidir le boinn euro a eisiúint, ceadaítear dóibh boinn chomórtha euro a eisiúint, boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, go háirithe nach n-úsáidtear ach an ainmníocht 2-euro. Is ionann na saintréithe teicniúla a bhíonn ag na boinn sin agus na saintréithe a bhíonn ag boinn 2-euro eile, ach tá dearadh comórtha ar a n-aghaidh náisiúnta, dearadh lena mbaineann siombalachas nach beag ó thaobh an náisiúin agus na hEorpa de.

**Tír is eisitheoir**: Lucsamburg

**Ábhar an chomórtha:** Comóradh 25 bliain de bhallraíocht an Ard-Diúc Henri den Choiste Idirnáisiúnta Oilimpeach

**Tuairisc ar an dearadh:** Léiríonn an dearadh samhail an Ard-Diúc Henri ag féachaint ar dheis agus ar an bhfigiúr “25”. Taispeántar roinnt picteagram de dhisciplíní Oilimpeacha gar don tsamhail. Faoi bhun na samhla, tá trí chiorcail ag trasnú a chéile, rud a shaibhríonn an dearadh. Ag an mbun ar dheis, léirítear an téacs “MEMBER VUM INTERNATIONALEN OLYMPESCHE KOMMITEE”. Léirítear ainm na tíre “LËTZEBUERG” chomh maith leis an téacs “GROUSSHERZOG HENRI” ar chlé.

Taispeántar 12 réalta bhratach an Aontais ar fháinne amuigh an bhoinn.

**Líon measta na mbonn atá le heisiúint**: 500 000

**Dáta eisiúna:** Feabhra 2023

---

([1]) Féach IO C 373, 28.12.2001, lch. 1 le haghaidh aghaidh náisiúnta na mbonn uile a eisíodh in 2002.

([2]) Féach conclúidí na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 10 Feabhra 2009 agus an Moladh ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 maidir le treoirlínte comhchoiteanna i dtaca le haghaidh náisiúnta agus eisiúint bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht (IO L 9, 14.1.2009, lch. 52).

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Fógra d'oibreoirí eacnamaíocha**

**Babhta nua d'iarrataí ar na dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha ar tháirgí áirithe tionsclaíocha agus talmhaíochta a chur ar fionraí**

(2023/C 122/06)

Cuirtear in iúl d'oibreoirí eacnamaíocha go bhfuil iarrataí faighte ag an gCoimisiún i gcomhréir leis na socruithe riaracháin dá bhforáiltear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le fionraíochtaí agus taraif-chuótaí uathrialaitheacha (2011/C 363/02) ([1]) le haghaidh babhta Eanáir 2024.

Tá liosta na dtáirgí a n-iarrtar fionraí dleachta ina leith ar fáil anois ar shuíomh gréasáin téamach (Europa) an Choimisiúin maidir leis an aontas custaim ([2]).

Cuirtear in iúl d'oibreoirí eacnamaíocha freisin gurb é an 16 Meitheamh 2023 an spriocdháta le haghaidh agóidí i gcoinne iarrataí nua a chur chuig an gCoimisiúin, trí na riaracháin náisiúnta, agus is é sin dáta an dara cruinniú atá beartaithe de chuid Ghrúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha.

Moltar d'oibreoirí leasmhara féachaint ar an liosta go rialta chun a bheith ar an eolas faoi stádas na n-iarrataí.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoin nós imeachta maidir leis an taraif-fhionraíocht uathrialaitheach a fháil ar shuíomh gréasáin Europa:

Suspensions (Autonomous Tariff Suspensions) (europa.eu)

---

([1]) IO C 363, 13.12.2011, lch. 6.
([2]) Suspensions - Home Page (europa.eu)

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA